# Taylor Swift as Gaeilge

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin bhféile litríochta Gaeilge, IMRAM. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Féach ar an gcur síos thíos atá ar www.imram.ie. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach féile litríochta i nGaeilge a bheith ar siúl gach bliain, dar leat?


> Saothraíonn IMRAM chun litríocht na Gaeilge a chur i gceartlár an tsaoil phoiblí in Éirinn, trí fhéile bhliantúil nuálach a eagrú, a ndéanfar ardán idirnáisiúnta di, a thacaíonn le scríbhneoirí, a spreagann díospóireacht agus a mheallann cainteoirí Gaeilge agus foghlaimeoirí na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an diaspóra.

2. Cad atá ar eolas agat faoi na ceoltóirí seo a leanas? Déan iad a ghúgláil, mura bhfuil tú cinnte.

   Bob Dylan, Leonard Cohen, David Bowie agus Joni Mitchell.

3. Conas a dhéanfá cur síos ar 'scéalaí'? An bhfuil aithne agat ar aon duine atá go maith ag insint scéalta?
4. Cad is brí leis an téarma 'Swiftí'? An Swiftí thú féin?
5. Ar chuala tú riamh faoin dealbhóir Éireannach Cliodhna Cussen? Féach ar an bhfíseán beag faoina cuid oibre anseo. An dtaitníonn a saothar leat? Cén fáth?

Féach ar an bhfíseán anseo.



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *celebration* | |
| b) *20 years* | |
| c) *renowned musicians* | |
| d) *to translate* | |
| e) *enthralled, rapt* | |
| f) *crowds* | |
| g) *the next generation* | |
| h) *wizards* | |
| i) *no more than* | |
| j) *various events* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Meaitseáil na teidil Ghaeilge ar chlé leis na teidil Bhéarla ar dheis. Cé acu teideal a bhaineann le Taylor Swift, dar leat?

| | |
|---|---|
| An Craiceann agus a Luach | *The Poetry of Stone* |
| Sreang Dhofheicthe | *Under Her Skin* |
| Clochdhánta | *Invisible String* |

4. Cad is brí leis an bhfrása 'an craiceann agus a luach a bheith agat'?

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin bhféile IMRAM? |
| |
| 2. Cén fáth ar roghnaigh Liam Carson an ceoltóir Taylor Swift i mbliana? |
| |
| 3. Luadh beirt eile darb ainm 'Eithne' sa scéal. Cé hiad agus cén fáth ar luadh iad? |
| |
| 4. Cad a dúirt Róisín Seoighe faoi na *Swiftíeanna*? |
| |
| 5. Déan cur síos ar an méid a fhoghlaimímid faoi na himeachtaí thíos sa mhír: |

| *Sreang Dhofheicthe: Tionscadal Taylor Swift* | *An Craiceann agus a Luach* le hEithne Ní Ghallchobhair | *Clochdhánta* le Cloodhna Cussen |
|---|---|---|
| | | |

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Tá 6 shéimhiú in easnamh sa sliocht thíos den script. Breac isteach anois iad agus bí in ann a rá cén fáth a bhfuil an séimhiú ann i ngach cás.

Anois, cuireadh tús leis an bhféile IMRAM aréir le ceolcoirm speisialta d'amhráin Taylor Swift atá aistrithe go Gaolainn. Beidh an féile ar siúl go lár na míosa agus i measc na n-imeachtaí eile tá *An Craiceann agus a Luach* agus ceiliúradh ar saol an ealaíontóra Cliodhna Cussen.

Ba cuid lárnach d'féile IMRAM le scór bliain anuas na ceolchoirmeacha ina ndearnadh saothar ceoltóirí iomráiteacha – cosúil le Bob Dylan, Leonard Cohen, David Bowie agus Joni Mitchell – a aistriú go Gaeilge agus a chur ar stáitse. I mbliana, tá duine de na ceoltóirí comhaimseartha is mó ar domhan á ceiliúradh: Taylor Swift.

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

## 2: Cruinneas gramadaí (briathra frásacha)

Tá go leor frásaí i nGaeilge a bhfuil briathar agus réamhfhocal simplí mar chuid díobh. Braitheann ciall an fhrása ar an réamhfhocal simplí a théann leis an mbriathar. Féach ar an sampla seo ón mír:

| | | |
|---|---|---|
| ag tabhairt | = | *giving* |
| ag tabhairt faoi | = | *attempting, setting about* |

Cén réamhfhocal simplí a théann leis na briathra thíos? Cuir in abairtí ansin iad.

| | | |
|---|---|---|
| ag freastal ______ | *attending* | |
| ag tabhairt amach ______ | *complaining about* | |
| ag cur ______ do | *annoying* | |
| ag baint ______ | *pertaining to* | |
| ag teacht isteach ______ | *getting used to* | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an leagan Gaeilge den amhrán *August* le Taylor Swift thíos. Cad é téama an amhráin, dar libh?

| **August** |
|---|
| Aer goirt agus anam déanta as ór<br>Céard eile bheinn ag iarraidh a bheith sa tóir air?<br>I gcogar, ceistím an bhfuil ár gcaidreamh cóir?<br>Níor tharla tada mar é ariamh a stór<br><br>Ach samhlaímse agus mé caillte im smaointí<br>Shleamhnaigh Lúnasa uainn<br>Isteach i mbrionglóidí<br>Mar nár liom ariamh é<br><br>Gan bac, agus a dhroim sínte sa ngrian<br>Ag súil go bhféadfainn m'ainm a scríobh le peann air<br>An nglaofá, nuair a fhilleann tú?<br>Bhí mé cinnte i m'intinn an t-am sin gur liom thú<br><br>Agus feicim muide casta i mbraillín<br>Shleamhnaigh Lúnasa uainn<br>Ar nós fíon as buidéal<br>Mar nár liom ariamh é<br><br>An t-am sin ní raibh uainn ach feabhas a chur air<br>Ba leor a bheith do d'iarraidh<br>Ba leor é domsa<br>Agus mé ag súil leatsa a fheiceáil<br>Chuirfinn ceal ar mo phleananna mall |

**Gluais - key**

aer goirt – *salt air*
sa tóir ar – *after*
i gcogar – *in a whisper*
i mbraillín – *in a sheet*



b) Éist leis an amhrán anseo. An dtuigeann tú níos fearr anois é?

c) Pléigí na ceisteanna thíos faoi Taylor Swift:

- ✓ Deirtear go bhfuil an tslí a n-úsáideann Taylor Swift na meáin shóisialta éagsúil le ceiliúráin eile. Cad atá i gceist leis sin?
- ✓ Ar cheart go mbeadh príobháideachas iomlán ag ceiliúráin? Nó an dtéann an easpa príobháideachais agus clú agus cáil a bheith ar dhuine le chéile?
- ✓ An eiseamláir í Taylor Swift do dhaoine óga? Cén fáth?

## 2: Scríobh

Scríobh litir mhóidíneach (*fan letter*) chuig Taylor Swift anois ag cur in iúl go bhfuil dúil mhór agat ina cuid saothair.

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Anois, cuireadh tús leis an bhféile IMRAM aréir le ceolchoirm speisialta d'amhráin Taylor Swift atá aistrithe go Gaolainn[1]. Beidh an fhéile ar siúl go lár na míosa agus i measc na n-imeachtaí eile tá *An Craiceann agus a Luach* agus ceiliúradh ar shaol an ealaíontóra Cliodhna Cussen.

**Peadar Mac Gaoithín**
Ba chuid lárnach d'fhéile IMRAM le scór bliain anuas na ceolchoirmeacha ina ndearnadh saothar ceoltóirí iomráiteacha – cosúil le Bob Dylan, Leonard Cohen, David Bowie agus Joni Mitchell – a aistriú go Gaeilge agus a chur ar stáitse. I mbliana, tá duine de na ceoltóirí comhaimseartha is mó ar domhan á cheiliúradh: Taylor Swift.

**Liam Carson, Stiúrthóir Fhéile Litríochta IMRAM**
In 2019, bhí m'iníon, Eithne, faoi dhraíocht ag Taylor Swift agus cheannaigh mé ticéidí le dul chuig Páirc an Chrócaigh agus thit mé féin faoi dhraíocht ag Taylor Swift agus bhí sise ag brú orm arís agus arís eile, *you know*, "Daidí, cad chuige nach bhfuil sibh ag tabhairt faoi Taylor Swift?" Agus tá sise ag freastal ar Choláiste Íosagáin anseo i mBaile Átha Cliath agus dúirt sí go mbeadh na sluaite ann agus go mbeadh sé díolta amach, agus bhí an ceart ar fad aici.

**Peadar Mac Gaoithín**
Tá rogha speisialta dá cuid amhrán óna halbaim *Folklore* agus *Evermore*, atá aistrithe go Gaeilge ag Róisín Seoighe agus Gabriel Rosenstock, á léiriú ar stáitse ag an ghrúpa[2] IMLÉ agus Róisín féin sa seó *Sreang Dhofheicthe: Tionscadal Taylor Swift*.

**Róisín Seoighe, Ceoltóir**
Bhí sé thar a bheith speisialta a bheith ag obair ar an togra seo. Is duine í Taylor Swift atá go mór anois – ó thaobh gasúir óga cailíní óga ach go háirithe – agus tá sé go hálainn leaganacha Gaeilge de na hamhráin seo a chur ar fáil do phobal na Gaeilge. Agus chonaic mé go leor cailíní óga ag an ngig aréir agus, le cúnamh Dé, beidh siad ann anocht agus tá sé go hálainn an chéad ghlúin eile a fheiceáil ag teacht chun cinn agus suim acu sa nGaeilge[3], suim acu in Taylor Swift.

**Peadar Mac Gaoithín**
Ar ndóigh, tá neart imeachtaí eile ar siúl mar chuid den fhéile fosta.

**Liam Carson, Stiúrthóir Fhéile Litríochta IMRAM**
Beidh muid istigh in Smock Alley an tseachtain seo chugainn agus beidh imeacht againn dar teideal *An Craiceann agus a Luach,* leis an scéalaí Eithne Ní Ghallchobhair as Tír Chonaill, agus ceol curtha leis na dánta atá aici le Steve Cooney. Beidh draoithe ceoil ar an ardán aici. Chomh maith leis sin, beidh *Clochdhánta* againn – ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar Cliodhna Cussen, an dealbhóir, úrscéalaí agus file. Agus beidh na *lads* as Kíla ar an ardán an oíche sin, chomh maith le Pádraig Ó Snodaigh agus Biddy Jenkinson, ceann de na filí is fearr sa tír seo.

**Peadar Mac Gaoithín**
Ach an oiread le ceolchoirmeacha Taylor Swift féin, tá na ticéidí do cheolchoirm na hoíche anocht uilig[4] díolta amach ach tá IMRAM ar siúl go dtí an séú lá déag den mhí seo agus tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí éagsúla ar fáil ar www.imram.ie.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

---

[1] Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[4] uilig = leagan canúnach de 'uile' ('ar fad')

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) celebration | *ceiliúradh* |
| b) 20 years | *scór bliain* |
| c) renowned musicians | *ceoltóirí iomráiteacha* |
| d) to translate | *a aistriú* |
| e) enthralled, rapt | *faoi dhraíocht* |
| f) crowds | *sluaite* |
| g) the next generation | *an chéad ghlúin eile* |
| h) wizards | *draoithe* |
| i) no more than | *ach an oiread le* |
| j) various events | *imeachtaí éagsúla* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Freagraí:

| | |
|---|---|
| An Craiceann agus a Luach | *Under Her Skin* |
| Sreang Dhofheicthe | *Invisible String (Taylor Swift)* |
| Clochdhánta | *The Poetry of Stone* |

4. Freagra: *to have your cake and eat it*

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Freagraí

Anois, cuireadh tús leis an bhféile IMRAM aréir le ceolc**h**oirm speisialta d'amhráin Taylor Swift atá aistrithe go Gaolainn. Beidh an f**h**éile ar siúl go lár na míosa agus i measc na n-imeachtaí eile tá *An Craiceann agus a Luach* agus ceiliúradh ar s**h**aol an ealaíontóra Cliodhna Cussen.

Ba c**h**uid lárnach d'f**h**éile IMRAM le scór bliain anuas na ceolchoirmeacha ina ndearnadh saothar ceoltóirí iomráiteacha – cosúil le Bob Dylan, Leonard Cohen, David Bowie agus Joni Mitchell – a aistriú go Gaeilge agus a chur ar stáitse. I mbliana, tá duine de na ceoltóirí comhaimseartha is mó ar domhan á c**h**eiliúradh: Taylor Swift.

| | |
|---|---|
| 1 | ceolc**h**oirm – nuair a thagann dhá fhocal le chéile i gcomhfhocal, bíonn séimhiú ar an dara ceann nuair is féidir. |
| 2 | an f**h**éile – is focal baininscneach é 'féile' agus mar sin tá séimhiú air sa tuiseal ainmneach. |
| 3 | ar s**h**aol – cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann 'ar' nuair is ionad faoi leith é. |
| 4 | ba c**h**uid – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal dar tús consan tar éis 'ba' san aimsir chaite. |
| 5 | d'f**h**éile – leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'de'. Bíonn d' i gceist roimh ghuta agus roimh 'fh' + guta. |
| 6 | á c**h**eiliúradh – tá séimhiú ar an ainm briathartha tar éis 'á' mar tá sé ag tagairt siar don ainmfhocal firinscneach 'duine'. |

### 2: Cruinneas gramadaí (briathra frásacha)

Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| ag freastal **ar** | *attending* | Tá mo mhac ag freastal ar Scoil Mhuire. |
| ag tabhairt amach **faoi** | *complaining about* | Bíonn sé de shíor ag tabhairt amach faoin mbia. |
| ag cur **as** do | *annoying* | Tá an aimsir ag cur as don leanbh. |
| ag baint **le** | *pertaining to* | Níl aon bhaint agamsa leis sin. |
| ag teacht isteach **ar** | *getting used to* | Tá mé ag teacht isteach ar an obair anois. |

## E. CUMARSÁID

**1: Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an leagan Gaeilge den amhrán.** Abair leo ansin éisteacht leis an amhrán i mBéarla. Tabhair deis dóibh freisin na ceisteanna faoi Taylor Swift a phlé ina mbeirteanna sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

### 2: Scríobh

Abair leo litir mhóidíneach a scríobh chuig Taylor Swift ina gcuirfidh siad in iúl di an dúil atá acu ina cuid saothair

Ollscoil Mhá Nuad – Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge – Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta